Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7440/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0061(NLE)**

**TRANS 162**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Aibreán 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 154 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 13ú seisiún de Choiste Sainolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le glacadh na modhnuithe ar UTP le haghaidh torann rothstoic, UTP le haghaidh vaigíní earraí, UTP le haghaidh marcáil feithiclí agus maidir le glacadh an athbhreithnithe iomláin ar na rialacha maidir le deimhniú agus iniúchadh na n-eintiteas atá freagrach as cothabháil (ECM) agus ar na sonraíochtaí a bhaineann le cláir feithiclí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 154 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 154 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.4.2020
COM(2020) 154 final

2020/0061 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le glacadh na modhnuithe ar UTP le haghaidh torann rothstoic, UTP le haghaidh vaigíní earraí, UTP le haghaidh marcáil feithiclí agus maidir le glacadh an athbhreithnithe iomláin ar na rialacha maidir le deimhniú agus iniúchadh na n-eititeas atá freagrach as cothabháil (ECM) agus ar na sonraíochtaí a bhaineann le cláir feithiclí**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Beidh an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar siúl i mBeirn an 16 – 17 Meitheamh 2020. I measc na ngnéithe a bheidh ar chlár oibre an chruinnithe beidh an méid seo a leanas:

– Togra le haghaidh modhnú ar an tsonraíocht theicniúil aonfhoirmeach (UTP) a bhaineann le torann rothstoic;

– Togra le haghaidh modhnú ar UTP a bhaineann le vaigíní lastais;

– Togra le haghaidh modhnú ar UTP a bhaineann le marcáil feithiclí;

– Togra le haghaidh athbhreithniú iomlán ar na rialacha maidir leis na heintitis atá freagrach as cothabháil (ECManna) a dheimhniú agus a iniúchadh (Rialachán ECM); agus

– Togra le haghaidh athbhreithniú iomlán ar na sonraíochtaí a bhaineann le cláir feithiclí.

An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais maidir leis na cinntí thuasluaite atá le glacadh ag CTE, is gá go mbunófar é le Cinneadh ón gComhairle de bhun Airteagal 218 (9) CFAE.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF)

An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999, ('COTIF') is comhaontú idirnáisiúnta é inar Páirtithe Conarthacha iad an tAontas agus 25 Bhallstát (is iad an Chipir agus Málta amháin nach bhfuil ina bPáirtithe Conarthacha).

D'aontaigh an tAontas Eorpach do COTIF trí bhíthin Chinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011[1]. Is le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh sin a shuitear na socruithe inmheánacha le haghaidh na Comhairle, na mBallstát agus an Choimisiúin maidir le himeachtaí OTIF. De réir phointe 3.1 den Iarscríbhinn III sin, i gcás ina bhfuil baint ag mír ar an gclár oibre le hábhair a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith, caithfidh an Coimisiún a vóta thar ceann an Aontais.

De réir Airteagal 2(1) de COTIF, tá sé mar aidhm ag OTIF an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú, ar gach bealach, go háirithe trí chórais a chruthú ina mbeidh dlí aonfhoirmeach i réimsí éagsúla an dlí maidir leis an trácht idirnáisiúnta d'iarnród. Rialaíonn COTIF freisin reáchtáil na hEagraíochta, a cuspóirí, a saintréithe, a caidreamh leis na Páirtithe Conarthacha agus a cuid gníomhaíochtaí go ginearálta.

Dá bhrí sin, bíonn COTIF ag plé leis an reachtaíocht maidir le hiompar d'iarnród i ndáil le roinnt gnéithe dlíthiúla agus teicniúla a roinntear ina dhá chuid: an Coinbhinsiún féin, a rialaíonn OTIF, agus na hocht nIarscríbhinn (lena n-áirítear iarscríbhinn nua H atá le glacadh

---

1 Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún a bhaineann le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999,(*IO L 51, 23.2.2013, lch. 1*)

le linn an 13ú Comhdháil Ghinearálta d'OTIF atá le teacht) lena mbunaítear dlí iarnróid aonfhoirmeach.

– Iarscríbhinn A – an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród **(CIV)**

– Iarscríbhinn B – an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród **(CIV)**

– Iarscríbhinn C – Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród **(RID)**

– Iarscríbhinn D – na Conarthaí maidir le húsáid feithiclí sa trácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUV)**

– Iarscríbhinn E – an Conradh maidir le húsáid an bhonneagair sa trácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUI)**

– Iarscríbhinn F – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme d'Ábhar Iarnróid atá beartaithe a úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta **(APTU UR)**

– Iarscríbhinn G – Rialacha Aonfhoirmeacha a bhaineann le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta **(ATMF UR)**

– Iarscríbhinn H – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le hoibriú sábháilte traenacha sa trácht idirnáisiúnta (**EST UR**)

Bunaithe ar Iarscríbhinní F agus G a ghabhann le COTIF, tá dhá cheann déag de Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTPanna) a bhaineann leis an idir-inoibritheacht theicniúil. Is ionann na cuspóirí atá ag UTPanna sa chreat COTIF agus sonraíochtaí teicniúla an Aontais le haghaidh na hidir-inoibritheachta (TSIanna) maidir leis an gcead isteach sa trácht idirnáisiúnta.

Cuireann 42 Stát as na 47 Stát atá ina bPáirtithe i gCOTIF, lena n-áirítear 25 Bhallstát an Aontais a luadh cheana, Iarscríbhinní F agus G i bhfeidhm.

## 2.2. Coiste Saineolaithe Teicniúla OTIF

Bunaítear CTE le hAirteagal 13 (1) (f) de COTIF. Tá sé comhdhéanta de na Ballstáit a chuireann i bhfeidhm Iarcsríbhinní F agus G (APTU, ATMF) a ghabhann le COTIF.

Tá inniúlacht ag CTE maidir le gnéithe idir-inoibritheachta agus an chomhchuibhiú teicniúil sa réimse iarnróid agus sna nósanna imeachta formheasa teicniúla. Forbraíonn sé Iarscríbhinní APTU agus ATMF agus a Rialacha Aonfhoirmeacha, a bhfuil feidhm acu le hábhar iarnróid a bhfuil sé beartaithe é a úsáid sa trácht idirnáisiúnta, iad sin a bhaineann go sonrach le:

- glacadh saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha le haghaidh feithiclí agus bonneagair agus bailíochtú na gcaighdeán;
- nósanna imeachta maidir le measúnú ar chomhréireacht feithiclí;
- forálacha maidir le cothabháil feithiclí;
- freagrachtaí maidir le comhdhéanamh traenach agus úsáid shábháilte feithiclí;
- forálacha maidir le meastóireacht agus measúnú riosca;
- sonraíochtaí i gcomhair clár.

Is é (WG TECH) grúpa oibre seasta atá ag CTE faoi láthair agus is é atá freagrach as cinntí CTE a ullmhú.

De bhun Airteagal 20(1) (b) de COTIF agus i gcomhréir le hAirteagal 6d'Iarscríbhinn F (APTU), tá CTE inniúil chun UTPanna a ghlacadh nó a leasú. I gcomhréir le hAirteagal 13(1), (4) agus (5) d'Iarscríbhinn G (ATMF), tá CTE inniúil freisin chun cinntí a ghlacadh maidir le bunú nó modhnú ar chumasc nó tarraingt siar Clár Náisiúnta Feithiclí (NVR). Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 15 (2) de ATMF, tá CTE inniúil chun rialacha i gcomhair ECManna a ghlacadh agus a leasú (ECM).

## 2.3. Glacadh gníomhartha ó CTE

De réir Airteagal 6de APTU, déanfaidh CTE cinneadh maidir le UTP nó foráil lena leasaítear é a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 16, 20 agus 33 § 6 den Choinbhinsiún. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé an ghnáthphróiseas glactha le haghaidh UTPanna suas le bliain go leith.

## 2.4. Na gníomhartha atá beartaithe a ghlacadh ag CTE le linn an tseisiúin an 16 - Dé Céadaoin 17 Meitheamh 2020

### *2.4.1. Modhnú ar UTPanna a bhaineann le torann rothstoic, vaigíní lastais agus marcáil feithiclí*

Is é atá i Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTPanna) OTIF, sraith sonraíochtaí teicniúla le haghaidh tógáil agus oibriú ábhar iarnróid, sonraíochtaí a dhíorthaítear ó phrionsabail, cuspóirí agus nósanna imeachta COTIF agus a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige an t-uasmhéid idir-inoibritheachta a bhaint amach. Ar an dóigh sin, is ionann críoch d'UTPanna in OTIF agus atá do shonraíochtaí teicniúla an Aontais maidir leis an idir-inoibritheacht (TSIanna).

Chun coibhéis feithiclí atá údaraithe i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh a áirithiú agus feithiclí a dtugtar cead isteach dóibh san oibríocht idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 3a de ATMF, is gá go leanfaidh Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht (TSI) san Aontas Eorpach de bheith ailínithe le Sonraíochtaí Teicniúla Aonfhoirmeacha COTIF.

Áiritheofar leis na modhnuithe atá beartaithe a ghlacadh ag CTE go mbeidh coibhéis iomlán ann mar a shainmhínítear ag ATMF, idir an tAontas Eorpach agus forálacha COTIF.

- torann rothstoic' UTP

Leagtar síos le torann rothstoic UTP ceanglais bhunúsacha agus ceanglais bhreise maidir leis na hastaíochtaí torainn le haghaidh rothstoic. Faoi láthair tá siad coibhéiseach le TSI le haghaidh torainn a shainítear i Rialachán (AE) Uimh 1304/2014[2] ón gCoimisiún. Is é is aidhm do na leasuithe ar UTP atá beartaithe, an fhéidearthacht a chur ar fáil do Pháirtithe, teorainn a chur le húsáid na seanvaigíní nach gcomhlíonann na ceanglais nua-aimseartha a bhaineann le torann dul thar bráid ar línte iarnróid sainithe ar a bhfuil fadhb maidir le torann.

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras “rothstoc – torann” lena leasaítear Cinneadh 2008/232/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/229/AE(*IO L 356, 12.12.2014, lch. 421*)

An 16 Bealtaine 2019, ghlac an Coimisiún modhnú[3] ar Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 ón gCoimisiún lenar cuireadh síneadh le raon feidhme a TSI le haghaidh torainn agus lenar tugadh isteach “cur chuige maidir le bealach níos ciúine” le haghaidh bonneagar, le cur i bhfeidhm ar fud an Aontais ó 2024 amach. Ní áirítear le UTP le haghaidh Torainn a bheidh ann amach anseo sainmhíniú ar bhealach ciúin agus fágtar faoi na Stáit chonarthacha lasmuigh den Aontas Eorpach bealach ciúin a shainaithint. Mar sin féin, ní mheastar díobháil a bheith ag an diall sin ó TSI an Aontais don Aontas Eorpach ar choinníoll go ndéanfar an dáta le haghaidh na bealaí ciúine a chur chun feidhme a ailíniú leis an Aontas, toisc nach n-imrítear tionchar ar thrácht go dtí an tAontas ná amach as.

Is é is cuspóir do chinneadh CTE modhnú a dhéanamh ar UTP le haghaidh torann rothstoic, a choibhéis mar a shainmhínítear í ag ATMF, a choimeád le TSI le haghaidh torainn i Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 ón gCoimisiún arna mhodhnú in 2019.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar an leasaithe UTP le haghaidh torann rothstoic mar a mholtar ag OTIF.

- UTP vaigíní lastais

Leagtar síos le UTP le haghaidh vaigíní lastais na ceanglais maidir le feithiclí atá deartha chun leoraithe a iompar. Faoi láthair tá siad coibhéiseach le TSI le haghaidh Vaigíní arna shainiú i Rialachán (AE) Uimh 321/2013 ón gCoimisiún[4].

An 16 Bealtaine 2019, ghlac an Coimisiún modhnú[5] ar Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 ón gCoimisiún.

Is é is cuspóir do chinneadh CTE modhnú a dhéanamh ar UTP le haghaidh vaigíní lastais a choibhéis a chóiméad le Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 arna mhodhnú le déanaí.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar leasú UTP le haghaidh Vaigíní Earraí mar a mholtar ag OTIF.

- UTP le haghaidh Marcáil Feithiclí

Leagtar síos le marcáil UTP ceanglais maidir le marcáil vaigíní. Níl coibhéis aonair TSI ag an tsonraíocht theicniúil aonfhoirmeach (UTP) sin san Aontas Eorpach.

Tá Ranna 1 go 6 den tsonraíocht theicniúil aonfhoirmeach (UTP) seo coibhéiseach faoi láthair le hIarscríbhinn P de OPE TSI (Iarscríbhinn 1de Chinneadh 2007/756/CE arna leasú go

---

3 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/774 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochta teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras “rothstoc – torann” i leith vaigíní lastais atá ann cheana(*IO L 139I , 27.5.2019, lch. 89*)

4 Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 ón gCoimisiún an 13 Márta 2013 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras “vaigíní lastais – rothstoic” an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/861/CE (*IO L 104, 12.4.2013, lch. 1*)

5 Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2019/776 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE) 2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún maidir leis an ailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 (*IO L 139I , 27.5.2019, lch. 108)* ón gCoimisiún.

deireanach le Cinneadh 2012/757/AE[6]), tá Ranna 7 go 18 coibhéiseach le hIarscríbhinn 6de Shonraíocht NVR AE (Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún[7]).

Ghlac an Coimisiún TSI OPE nua an 16 Bealtaine 2019, Rialachán (AE) Uimh. 2019/773 ón gCoimisiún[8] agus Clár Eorpach Feithiclí nua an 25 Deireadh Fómhair 2018, Cinneadh (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún[9].

Is é is cuspóir don chinneadh modhnú a dhéanamh ar UTP marcála, a choibhéis leis an méid seo a leanas a choinneáil:

– Ranna 1 go 6 d'Iarscríbhinn H de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún (OPE TSI), arna leasú le déanaí,

– Ranna 7 go 18 d'Iarscríbhinn 6de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún (EVR).

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar an leasaithe maidir le UTP Marcáil Feithiclí arna mholadh ag OTIF.

*2.4.2. Athbhreithniú iomlán ar na hEintitis atá Freagrach as Sonraíochtaí Cothabhála (ECM)*

Le córas deimhniúcháin na n-eintiteas atá freagrach as an gcothabháil leagtar amach na ceanglais agus na critéir mheasúnaithe is infheidhme maidir le ECManna i gcomhair vaigíní lastais a dheimhniú. Faoi láthair tá sé coibhéiseach le Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 ón gCoimisiún[10].

Ghlac an Coimisiún Rialachán nua (AE) 2019/779 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019[11], lena ndéantar Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 ón gCoimisiún a aisghairm agus a ionadú, agus lena ndéanfar an deimhniúchán ECM a leathnú amach ionas go gcumhdóidh sé gach cineál feithicle ón 16 Meitheamh 2020.

---

6 Cinneadh 2012/757/AE ón gCoimisiún an 14 Samhain 2012 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena leasaítear Cinneadh 2007/756/CE (*IO L 345, 15.12.2012, lch. 1)*

7 Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún an 9 Samhain 2007 lena nglactar sonraíocht chomhchoiteann maidir le clár náisiúnta feithiclí dá bhforáiltear faoi Airteagail 14(4) agus (5) de Threoracha 96/48/CE agus 2001/16/CE (*IO L 305, 23.11.2007, lch. 30)*

8 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE (*IO L 139I , 27.5.2019, lch. 5*)

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh cláir feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún(*IO L 268, 26.10.2018, lch. 53*)

10 Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2011 maidir le córas deimhniúcháin ar eintitis atá freagrach as cothabháil a dhéanamh ar vaigíní lastais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 653/2007 (*IO L 122, 11.5.2011, lch. 22*)

11 Rialachán (AE) 2019/779 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le córas deimhniúcháin ar eintitis atá freagrach as cothabháil feithiclí de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 ón gCoimisiún (*IO L 139I , 27.5.2019, lch. 360*)

An cinneadh CTE maidir le modhnú a dhéanamh ar Iarscríbhinn A de ATMF "Rialacha maidir le heintitis atá freagrach as cothabháil a dheimhniú agus a iniúchadh", is é is cuspóir dó a choibhéis a choinneáil mar a shainmhínítear í in ATMF 3a (5) le Rialachán (AE) 2019/779 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019.

Chun a áirithiú go leanfar den choibhéis mar a shainmhínítear í le ATMF in Airteagal 3a § 5, idir rialacha an Aontais Eorpaigh agus rialacha COTIF, ba cheart rialacha COTIF a mhodhnú. Ní mór a thabhairt faoi deara nach ráthaítear an choibhéis ach i gcás vaigíní lastais.

I gcomparáid le rialacha COTIF atá ann faoi láthair, leis an téacs atá beartaithe ag CTE ní dhéantar athrú suntasach ar na freagrachtaí ná na ceanglais atá le comhlíonadh ag ECManna maidir le deimhniúchán. Is é príomhchuspóir an téacs nua, raon feidhme an deimhniúcháin, a bhí teoranta do ECManna a dheimhniú le haghaidh vaigíní lastais a leathnú amach chuig gach cineál feithicle, leathnú amach thar an raon feidhme a bhí ann cheana.

Mar achoimre:

– Tá an deimhniúchán ECM éigeantach fós maidir le haon ECM le haghaidh vaigíní lastais, agus
– leathnaítear deimhniúchán ECM chun deimhniúchán ar ECManna le haghaidh gach cineál eile feithicle a chumhdach. Mar riail ghinearálta, bheadh deimhniúchán ECM éigeantach, ach amháin leis an eisceacht seo a leanas:
    – Gnóthais iarnróid a dhéanann cothabháil ar fheithiclí nach vaigíní lastais iad agus a n-oibríonn siad féin agus iadsan amháin , tá siad díolmhaithe ó dheimhniúchán éigeantach ECM. Sna cásanna sin ní mór d'Údarás Inniúil an Stáit lena mbaineann, a fhionnadh go gcomhlíonfar na ceanglais ghinearálta agus na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn II den togra.

Mar thoradh air sin, agus gan beann ar an deimhniúchán a bheith éigeantach le haghaidh ECM áirithe, ní mór do gach ECM, lena n-áirítear iad sin nach bhfuil deimhnithe ag comhlachtaí deimhniúcháin seachtracha, na ceanglais agus na critéir ghinearálta a chomhlíonadh agus na híosleibhéil chothabhála, a leagtar amach in Iarscríbhinn II den togra, a áirithiú.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar athbhreithniú iomlán ar na hEintitis atá Freagrach as na sonraíochtaí Cothabhála (ECManna) arna mholadh ag OTIF, ar choinníoll go ndéanfar na modhnuithe mar a shainmhínítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo a chur san áireamh i dtéacs COTIF.

### *2.4.3. Athbhreithniú iomlán ar na sonraíochtaí le haghaidh Cláir Náisiúnta Feithiclí*

Tá na sonraíochtaí reatha NVR is infheidhme faoi rialacha OTIF coibhéiseach leis na sonraí dá bhforáiltear i gCinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún.

I gcreat an cheathrú pacáiste iarnróid, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún lena bhforáiltear maidir le sonraíochtaí nuashonraithe maidir le cláir náisiúnta feithiclí an Aontais agus sonraíochtaí Chlár Náisiúnta Feithiclí an Aontais Eorpaigh,(EVR) a chuirfear in ionad chlár náisiúnta feithiclí an Aontais Eorpaigh ó 2021, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún.

Gníomhaítear cinneadh CTE modhnú a dhéanamh ar shonraíochtaí NVR trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún a ghlacadh.

Faoi 2021, rachaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh i bpáirt le chéile agus déanfaidh siad údarú agus faisnéis fheithiclí a bhainistiú trí chlár comhchoiteann, EVR a bheidh ann sa todhchaí

agus a chuirfí in ionad NVRanna a bhí ann cheana in 25 Bhallstát an Aontais. I gcomhthéacs OTIF bheadh EVR, ar an gcaoi sin, ina NVR i réigiún an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí EVR a chur ar fáil le haghaidh feithiclí ó thíortha eile, go háirithe ó na tíortha sin atá faoi bheartas comharsanachta an Aontais Eorpaigh atá tiomanta do dhlí an Aontais a chur chun feidhme trí chomhaontuithe déthaobhacha leis an Aontas (mar shampla an Iorua, an Eilvéis, na Balcáin Thiar, etc.). D'fhéadfadh baill eile OTIF a iarraidh go gclárófaí, faoi réir cead isteach le haghaidh trácht idirnáisiúnta, feithiclí le EVR.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar athbhreithniú iomlán ar na sonraíochtaí le haghaidh Clár Náisiúnta Feithiclí (NVR) arna mholadh ag OTIF, ar choinníoll go n-áireofar i dtéacs OTIF na modhnuithe mar a shainmhínítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.

### 2.5. Inniúlacht an Aontais agus cearta vótála

De bhun Airteagal 6den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le COTIF arna fhormheas trí Chinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011:

*"1. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, déanfaidh an tAontas cearta vótála a Bhallstát a fheidhmiú faoin gCoinbhinsiún.*

*2. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina roinneann an tAontas a inniúlacht lena Bhallstáit, vótálfaidh an tAontas nó a Bhallstáit.*

*3. Faoi réir Airteagal 26, mír 7den Choinbhinsiún, beidh an líon céanna vótaí ag an Aontas agus atá ag a Bhallstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún freisin. Nuair a vótálfaidh an tAontas, ní vótálfaidh na Ballstáit."*

Faoi dhlí an Aontais, tá inniúlacht eisiach faighte ag an Aontas maidir le hiompar d'iarnród i gcás ina mbíonn tionchar ag COTIF nó na hionstraimí dlíthiúla arna nglacadh dá bhun tionchar ar raon feidhme dhlíthe an Aontais atá ann cheana nó ina ndéanann siad athrú ar an raon feidhme sin.

Is léir go mbeidh tionchar ag glacadh na modhnaithe ar rialacha an Aontais toisc gurb é cuspóir an bheartais é UTP le haghaidh Torainn, UTP le haghaidh Vaigíní UTP le haghaidh Marcáil, rialachán ECM agus sonraíochtaí NVR a ailíniú faoi seach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/776 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/774 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/773 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/779 ón gCoimisiún, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/1614 ón gCoimisiún, arna modhnú le déanaí.

Ós rud é go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis na hábhair a gcumhdaítear i gcúig chinneadh CTE thuasluaite, déanfaidh an tAontas, agus an Coimisiún ag déanamh ionadaíochta air, na cearta vótála a fheidhmiú maidir le glacadh na gcúig chinneadh seo.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

Agus na cúiseanna uile thuasluaite á gcur san áireamh, ba cheart don Aontas vótáil i bhfabhar.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, cé is moite de ghníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[12].

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh *"tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh"*[13].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Na gníomhartha a iarrtar ar CTE a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Tá éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha atá beartaithe toisc go ndéanann siad modhnú ar chreat dlíthiúil OTIF trí ailíniú a dhéanamh idir UTPanna COTIF agus TSIanna an Aontais Eorpaigh, rialachán ECM agus sonraíochtaí an Chláir Náisiúnta Feithiclí le rialacháin chur chun feidhme an Aontais faoi seach agus tá siad ceangailteach ar an Aontas.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substaintiúil dlí atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le hiompar d'iarnród a bhaineann príomhchuspóir agus príomhinneachar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

---

12 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

13 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2020/0061 (NLE)

Togra le haghaidh

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le glacadh na modhnuithe ar UTP le haghaidh torann rothstoic, UTP le haghaidh vaigíní earraí, UTP le haghaidh marcáil feithiclí agus maidir le glacadh an athbhreithnithe iomláin ar na rialacha maidir le deimhniú agus iniúchadh na n-eititeas atá freagrach as cothabháil (ECM) agus ar na sonraíochtaí a bhaineann le cláir feithiclí**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999, ('COTIF') i gcomhréir le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle[14].

(2) Tá na Ballstáit uile seachas an Chipir agus Málta ina bpáirtithe i COTIF.

(3) De bhun Airteagal 13(1) (f) de COTIF, bunaíodh Coiste Saineolaithe Teicniúla ("CTE") na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF).

(4) De bhun Airteagal 20(1) (b) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6d'Iarscríbhinn F (APTU), tá CTE inniúil chun Iarscríbhinn F (APTU) de Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTPanna) a bhaineann le 'torann – rothstoic',(UTP le haghaidh Torainn), vaigíní lastais (UTP le haghaidh Vaigíní), agus marcáil feithicle (UTP Marcála) inter alia a ghlacadh nó a leasú. I gcomhréir le hAirteagail 13(1), (4) agus (5) d'Iarscríbhinn G (ATMF), tá CTE inniúil freisin chun cinntí a ghlacadh maidir le bunú nó modhnú, cumasc nó tarraingt siar na gClár Náisiúnta Feithiclí (NVRanna). Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 15 (2) de ATMF, tá CTE inniúil chun rialacha a ghlacadh agus a leasú le haghaidh eintitis atá freagrach as cothabháil (ECManna) a dheimhniú agus a iniúchadh.

(5) Ar chlár oibre an 13ú seisiún CTE a bheidh ann an 16 agus an 17 Meitheamh 2020, tá togra le haghaidh cinntí chun leasú a dhéanamh ar UTP le haghaidh torann rothstoic, UTP le haghaidh vaigíní lastais, UTP le haghaidh marcála feithiclí agus le haghaidh athbhreithniú iomlán ar na rialacha maidir le heintitis atá freagrach as cothabháil

[14] Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999,(*IO L 51, 23.2.2013, lch. 1*)

(ECManna) a dheimhniú agus a iniúchadh agus maidir le hathbhreithniú iomlán ar na sonraíochtaí a bhaineann le cláir náisiúnta feithiclí (NVRanna).

(6) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i CTE a leagan síos mar beidh na modhnuithe atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas.

(7) Is é is cuspóir do na leasuithe sin ailíniú a dhéanamh idir UTP le haghaidh torann rothstoic, UTP le haghaidh vaigíní lastais, UTP le haghaidh marcála feithiclí agus na rialacha maidir le dheimhniú agus a iniúchadh eintiteas atá freagrach as cothabháil (ECManna) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/774[15] ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/776[16] ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (EU) 2019/773[17] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún[18]faoi seach; rinneadh nuashonrú ar na sonraíochtaí a bhaineann le cláir na bhfeithiclí i bhfianaise Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún[19].

(8) Tá na leasuithe agus an modhnú beartaithe i gcomhréir leis an dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais trí chur le ailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais, agus ar an ábhar sin ba cheart don Aontas tacú leo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13[ú] seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir leis na modhnuithe ar UTP le haghaidh torann roth stoic, UTP le haghaidh vaigíní lastais, UTP le haghaidh marcáil feithiclí agus maidir le hathbhreithniú iomlán ar na rialacha maidir le deimhniú agus iniúchadh eintiteas atá freagrach as cothabháil . (Rialachán ECM) agus ar na sonraíochtaí a bhaineann le cláir feithiclí, beidh an méid seo a leanas:

---

15 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/774 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochta teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras "rothstoc – torann" i leith vaigíní lastais atá ann cheana (*IO L 139I , 27.5.2019, lch. 89)*

16 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 an 16 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE) 2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE maidir le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 (*IO L 139I , 27.5.2019, lgh. 108)* ón gCoimisiún

17 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE (*IO L 139I , 27.5.2019, lch 5*)

18 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le córas deimhniúcháin le haghaidh eintiteas atá freagrach as cothabháil feithiclí de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 (C/2019/3582- *IO L 139I , 27.5.2019, lch. 360) ón gCoimisiún*

19 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh cláir feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún (*IO L 268, 26.10.2018, lch. 53*)

(1) vótáil i bhfabhar leasaithe CTE atá beartaithe maidir le UTP le haghaidh vaigíní lastais , mar a fhaightear i nDoiciméad Oibre CTE TECH-20005-CTE13-6.2-e-UTP WAG Annex and TECH-20005-CTE13-6.2-e-UTP WAG Proposal;

(2) vótáil i bhfabhar leasaithe CTE atá beartaithe maidir le UTP le haghaidh marcáil feithiclí, mar a fhaightear i nDoiciméad Oibre CTE TECH-20006-CTE13-6.3-e-UTP WAG annex and TECH-20006-CTE13-6.3-e-UTP WAG Proposal;

(3) vótáil i bhfabhar na leasaithe CTE atá beartaithe maidir le UTP le haghaidh torann – rothstoic, mar a fhaightear i nDoiciméad Oibre CTE TECH-20004-CTE13-6.1-e-UTP NOI Annex and TECH-20004-CTE13-6.1-e-UTP WAG Proposal;

(4) vótáil i bhfabhar an athbhreithnithe iomláin ar na rialacha maidir le deimhniú agus iniúchadh eintiteas atá freagrach as cothabháil (Rialachán ECM), ar choinníoll go ndéanfaí modhnú ar an téacs mar a fhaightear i nDoiciméad Oibre CTE TECH-20007-CTE13-6.4-e-ECM Annex and TECH-20007-CTE13-6.4-e-ECM Proposal mar atá luaite san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

(5) vótáil i bhfabhar an athbhreithnithe iomláin ar na sonraíochtaí a bhaineann le cláir náisiúnta feithiclí (NVRanna), ar choinníoll go ndéanfaí modhnú ar an téacs atá ar fáil i nDoiciméad Oibre CTE TECH-20008-CTE13-6.5-e-vehicle register Annex agus TECH-20008-CTE13-6.5-e-vehicle register Proposal mar atá luaite san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin.

*Airteagal 2*

A luaithe a ghlacfar na cinntí ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* , agus ba cheart dáta a dteacht i bhfeidhm a bheith luaite leo.

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*